# Próiseas Comhairliúcháin Reachtaíochta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('GDPR') agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ('an tAcht'), ceanglaítear ar an Rialtas dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ('DPC') le linn beart reachtach a bhaineann le próiseáil a ullmhú. Sa doiciméad treorach seo, leagtar amach an próiseas comhairliúcháin reachtaíochta. Ina theannta sin, áirítear, in Iarscríbhinn A, foirm chomhairliúcháin ar ceart í a chomhlánú agus a thíolacadh in éineacht leis an mbeart reachtach atá beartaithe.

## Scóip an cheanglais maidir le comhairliúcháin faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018

Tá an méid seo a leanas leagtha síos in Airteagal 36(4) den GDPR: *"Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis an údarás maoirseachta agus togra á ullmhú acu le haghaidh bearta reachtacha atá le glacadh ag parlaimint náisiúnta nó le haghaidh beart rialála bunaithe ar bheart reachtach den sórt sin, a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta."*

Tugann an tAcht tuilleadh éifeachta don GDPR agus déantar an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí ('LED') a thrasuí leis. Le halt 84(12) den Acht a bhaineann leis an LED, foráiltear freisin go gceanglaítear ar an Aire dul i gcomhairle leis an DPC le linn aon bheart reachtach a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a ullmhú.

Is ionann an méid sin agus a rá go bhfuil oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí Stáit a bhfuil bearta reachtacha á bhforbairt acu dul i gcomhairle leis an DPC nuair a shamhlaítear sa reachtaíocht atá i gceist, nó nuair a cheanglaítear léi, go mbeidh próiseáil le déanamh ar shonraí pearsanta faoin GDPR nó faoin LED. Áiríonn sé sin reachtaíocht phríomha (Billí) agus reachtaíocht thánaisteach araon, lena n-áirítear ionstraimí reachtúla (IR-anna) agus rialacháin lena ndéantar beart Eorpach a chur chun feidhme.

## Cad is brí le próiseáil sonraí pearsanta

Go bunúsach, is ionann sonraí pearsanta agus aon fhaisnéis faoi dhuine beo i gcás ina ndéantar an duine sin a shainaithint, nó ina bhféadfaí é nó í a shainaithint, trí mhodh díreach nó neamhdhíreach. D'fhéadfadh gurbh é a bheadh i gceist le sonraí pearsanta

ná cineálacha faisnéise amhail ainmneacha, dátaí breithe, uimhreacha aitheantais, seoladh ríomhphoist, uimhreacha teileafóin, seoltaí, saintréithe fisiciúla nó sonraí faoi shuíomh – nuair is léir cé hé nó cé hí an duine lena mbaineann an fhaisnéis sin nó nuair is féidir a dhéanamh amach cé hé nó cé hí an duine lena mbaineann an fhaisnéis sin.[1] Go bunúsach, is ionann próiseáil agus úsáid a bhaint as sonraí pearsanta ar aon slí, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhailiú, a stóráil, a aisghabháil, a cheadú, a nochtadh nó a chomhroinnt le duine eile, nó sonraí pearsanta a scriosadh.[2] Áiríonn sé próiseáil a dhéanamh ar mhodh uathoibríoch nó neamh-uathoibríoch (láimhe).

## Cineálacha próiseála nach mór dul i gcomhairle leis an DPC maidir leo

Is gá dul i gcomhairle leis an DPC i ndáil le haon togra reachtaíochta a dhéanann difear do phróiseáil sonraí pearsanta. Áirítear an méid seo a leanas i measc na samplaí de ghníomhaíochtaí próiseála:

- ☑ Bailiú sonraí pearsanta a shainordú,
- ☑ A cheangal go n-aistrítear sonraí pearsanta idir Gníomhaireachtaí Stáit,
- ☑ Cearta ábhar sonraí a shrianadh.

Leis an Acht freisin, leagtar síos cásanna sonracha ina gceanglaítear ar an Aire Dlí agus Cirt dul i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh. I measc na gcásanna sin, áirítear an méid seo a leanas:

- ☑ **Rialacháin lena dtugtar lánéifeacht do Chaibidil IV (Cúnamh Frithpháirteach) de Choinbhinsiún 1981 Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint Sonraí:** Alt 12 den Acht,
- ☑ **Rialacháin maidir le hainmniú oifigigh cosanta sonraí:** Alt 34(1) den Acht,
- ☑ **Rialacháin lena dteorannaítear aistrithe sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach:** alt 37(1) den Acht,
- ☑ **Rialacháin maidir leis an gComhlimistéar Taistil:** Alt 38(3) den Acht.

Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Acht go rachaidh an tAire Dlí agus Cirt nó aon Aire eile i gcomhairle leis an DPC roimh na rialacháin seo a leanas a dhéanamh:

- ☑ **Rialacháin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar próiseáil í a bhfuil gá léi chun cúram a chomhlíonadh a chuirtear i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó chun údarás oifigiúil a fheidhmiú:** Le halt 38(5) den Acht, ceanglaítear ar Aire dul i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhfuil gá léi, agus atá comhréireach, i leith

1 Féach Airteagal 4(1) den GDPR chun an sainmhíniú iomlán ar 'sonraí pearsanta' a fháil.
2 Féach Airteagal 4(1)(2) den GDPR chun an sainmhíniú iomlán ar 'próiseáil' a fháil.

cúram a chomhlíonadh a chuireann rialaitheoir i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó chun údarás oifigiúil atá dílsithe do rialaitheoir a fheidhmiú.

- ☑ **Rialacháin maidir le sonraí in earnáil speisialta agus maidir le sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla:** Le halt 51(6) den Acht, ceanglaítear ar Aire dul i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh lena n-údaraítear sonraí in earnáil speisialta agus/nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla a phróiseáil ar chúiseanna ar mhaithe le leas substainteach an phobail.
- ☑ **Rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla:** Le halt 55(5) den Acht, ceanglaítear go rachaidh Aire i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh maidir le sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla, i gcás ina bhfuil gá leis an bpróiseáil agus ina bhfuil an phróiseáil comhréireach:

  (a) i dtaca le measúnacht a dhéanamh ar an mbaol calaoise nó i dtaca le calaois a chosc, nó

  (b) i dtaca le measúnacht a dhéanamh ar an mbaol breabaireachta nó éillithe, nó ar an dá ní sin, nó i dtaca le breabaireacht nó éilliú, nó an dá ní sin, a chosc, nó

  (c) i dtaca le slándáil córas gréasáin agus faisnéise a chinntiú, agus i dtaca le hionsaithe ar chórais ríomhaire agus cumarsáide leictreonaí, agus damáiste do na córais sin, a chosc.
- ☑ **Rialacháin lena sriantar cearta ábhar sonraí:** Le halt 60(10) den Acht, ceanglaítear go rachaidh Aire i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh a meastar ina leith go bhfuil gá leo chun go gcosnófar ábhar sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile, ar rialacháin iad lena ndéantar na cearta agus na hoibleagáidí atá leagtha síos in Airteagail 5, 12 go 22, nó 32 den GDPR a shrianadh. D’fhéadfadh feidhm a bheith ag rialacháin den sórt sin sna cásanna seo a leanas:

  (a) dá mba rud é gur dhóigh go ndéanfadh feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí sin díobháil thromaí do shláinte coirp nó meabhrach an ábhair sonraí, agus a mhéid gur dhóigh, agus fad gur dhóigh, go ndéanfadh an feidhmiú sin an díobháil thromaí sin, agus

  (b) i ndáil le sonraí pearsanta a choimeádtar chun, nó a fhaightear i gcúrsa, údarás poiblí, comhlacht poiblí, eagraíocht dheonach nó comhlacht eile do chur obair shóisialach i gcrích.

  (c) i gcás ina bhfuil gá le srianta den sórt sin d’fhonn cuspóirí tábhachtacha leas an phobail i gcoitinne a choimirciú.
- ☑ **Rialacháin maidir le bearta oiriúnacha sonracha a bhaineann le próiseáil:** Le halt 36(6) den Acht, ceanglaítear go rachaidh Aire i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh:

  (a) i gcás inar gá bearta oiriúnacha sonracha a dhéanamh chun cearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí a choimirciú le linn próiseáil a dhéanamh

ar a sonraí pearsanta, agus déantar bearta breise oiriúnacha sonracha, seachas na cinn atá leagtha amach in alt 36(1), a shainaithint,

(b) le go mbeidh sé éigeantach an beart oiriúnach sonrach (na bearta oiriúnacha sonracha) sin a ghlacadh.

- ☑ **Rialacháin maidir le próiseáil earnálacha speisialta sonraí pearsanta faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí:** Le halt 73(2) den Acht, ceanglaítear ar Aire dul i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh lena gceadaítear próiseáil earnálacha speisialta sonraí pearsanta i gcás ina bhfuil gá leis an bpróiseáil ar chúiseanna ar mhaithe le leas substainteach an phobail.
- ☑ **Rialacháin maidir leis na srianta ar chearta ábhair sonraí faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí:** Le halt 94(9) den Acht, ceanglaítear go rachaidh Aire i gcomhairle leis an DPC roimh rialacháin a dhéanamh lena sriantar cearta áirithe de chuid ábhar sonraí.

## Measúnachtaí Tionchair ar Chosaint Sonraí

Le linn beart reachtach a ullmhú, d’fhéadfadh sé go mbeidh gá le Measúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí (‘DPIA’) nó d’fhéadfadh measúnacht den sórt sin a bheith fóinteach i ndáil le rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine aonair a shainaithint.[3] I bhfianaise Airteagal 35(10) den GDPR, moltar freisin go ndéantar DPIA le linn an phróisis dréachtaithe reachtaigh mar mhodh ní hamháin chun cabhrú lena chinntiú go gcomhlíonann an beart reachtach na ceanglais chosanta sonraí ach freisin chun baol a shainaithint agus a mhaolú a mhéid a bhaineann le feidhmiú neamhréireach ag rialaitheoirí a thagann faoi réir na reachtaíochta. Tá sé de cheangal ar rialaitheoirí DPIA a dhéanamh i ndáil le haon phróiseáil, nó i ndáil le haon phróiseáil bheartaithe, i gcás ‘inar dóchúil go dtarlódh ardriosca’ do dhaoine aonair’.[4]

De bhun Airteagal 36(1) den GDPR agus alt 84(1) den Acht (a bhaineann leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí), tá sé de cheangal ar rialaitheoirí freisin dul i gcomhairle leis an DPC roimh phróiseáil a dhéanamh i gcás ina léiríonn DPIA gurb é an toradh a bheadh ar an bpróiseáil mórphriacal do chearta agus do shaoirsí daoine aonair mura ndéanfadh an rialaitheoir bearta chun an priacal a mhaolú. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi DPIA-anna, féach treoir an DPC dar teideal [Treoir faoi Mheasúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí](#).

[3] Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 93 den GDPR: “*I gcomhthéacs ghlacadh an dlí Ballstáit ar a bhfuil comhlíonadh chúraimí an údaráis phoiblí nó an chomhlachta phoiblí bunaithe agus lena rialaítear an oibríocht shonrach próiseála nó sraith d'oibríochtaí i gceist, féadfaidh na Ballstáit a mheas gur gá measúnú den sórt sin a dhéanamh sula ndéantar na gníomhaíochtaí próiseála*.”

[4] Airteagal 35(1) den GDPR.

## Ceanglais maidir le dul i gcomhairle leis an DPC

Chun ceanglais Airteagal 36(4) den GDPR agus alt 84(12) den Acht a chomhlíonadh go héifeachtach, is ceart dul i gcomhairle leis an DPC maidir le reachtaíocht le linn na céime forbartha.[5] Ligfidh sé sin don DPC measúnacht chuí a dhéanamh ar an mbeart reachtach atá beartaithe agus éascóidh sé breithniú a dhéanamh, roimh bhailchríoch a chur ar an mbeart, ar aon tuairimí a d'fhéadfadh a bheith ag an DPC. Tá sé tábhachtach dóthain ama a chur ar fáil don DPC chun breithniú a dhéanamh ar aon togra reachtach ar leith. Ina theannta sin, is ceart do chomhlachtaí Stáit dul i gcomhairle lena nOifigigh Chosanta Sonraí féin maidir leis an togra reachtach sula gcuirtear faoi bhráid an DPC é.

Luaitear in Aithris 96 den GDPR gur ceart an comhairliúchán reachtach a bheith ann leis an údarás maoirseachta *'D'fhonn a áirithiú go bhfuil an phróiseáil a bheartaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, go háirithe, chun an riosca atá ann don ábhar sonraí a mhaolú'*. Measann an DPC gur ceanglas leanúnach é an ceanglas maidir le comhairliúchán agus gur ceart do chomhlachtaí Stáit an DPC a choimeád ar an eolas, go háirithe nuair a dhéantar athruithe suntasacha beartais, tar éis an chomhairliúcháin tosaigh leis an DPC, ar na forálacha a bhaineann le próiseáil.

Sula gcuirtear beart reachtach faoi bhráid an DPC, is ceart do chomhlachtaí Stáit measúnacht a dhéanamh ar an mbeart i bhfianaise cheanglais an dlí a bhaineann le cosaint sonraí. Mar chuid den mheasúnacht sin, is ceart a bheith ar an eolas nach ceart iomlánach é an ceart chun cosaint sonraí, ar ceart é a bhronntar in Airteagal 8 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('an Chairt'), ach nach mór aon teorannú ar an gceart a bheith i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 52(1) den Chairt.[6] Foráiltear leis sin nach mór foráil a dhéanamh le dlí maidir le haon teorannú, nach mór go n-urramódh aon teorannú bunbhrí an chirt, nach mór go gcomhlíonfadh aon teorannú cuspóirí an leasa ghinearálta atá aitheanta ag an Aontas nó an gá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint agus nach mór an teorannú a bheith riachtanach agus comhréireach. Le linn beart reachtach a scrúdú, tabharfaidh an DPC aird ar leith ar an ngá atá le beart, agus ar chomhréireacht birt, nuair atá a measúnacht á soláthar aige i dtaobh an gcomhlíonann an beart atá beartaithe an dlí maidir le cosaint sonraí.

---

[5] Cé nach féidir a rá cén tráth go díreach is ceart dul i gcomhairle leis an DPC, nósmhaireacht mhaith is ea é dul i gcomhairle leis an DPC nuair atá Ceannteidil dhea-fhorbartha Bille ann le haghaidh reachtaíocht phríomha agus nuair atá réamhdhréacht d'Ionstraim Reachtúil ann i gcás reachtaíocht thánaisteach.

[6] Foráiltear le hAirteagal 51(1) den Chairt nach bhfuil feidhm ag an gCairt maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus maidir le Ballstáit ach amháin nuair atá dlí an Aontais Eorpaigh á chur chun feidhme acu. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) tar éis 'dlí an Aontais Eorpaigh á chur chun feidhme' a chur in ionannas 'teacht faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh'. CBAE, Cás C-617/10, *Åklagaren v Hans Åkerberg Fransson*, 26 Feabhra 2013 agus CBAE, cás C-300/11 (Mór-Dhlísheomra), *ZZ v. Rúnaí Stáit don Roinn Intíre*, 4 Meitheamh 2013, mír 51.

**Iarscríbhinn A**
**Foirm an chomhairliúcháin reachtaigh**

Beidh an tréimhse ama le haghaidh freagra a thabhairt ag brath ar ábhar an chomhairliúcháin reachtaigh. Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, áfach, freagra a thabhairt ar aighneacht le haghaidh réamhchomhairliúchán reachtúil laistigh de thréimhse ocht seachtaine ar a mhéad, i gcás gur cosúil go sáródh an phróiseáil bheartaithe na forálacha den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó den Acht um Chosaint Sonraí, nó i gcás nár shainaithin an rialaitheoir na rioscaí féideartha go leordhóthanach nó nár mhaolaigh sé/sí iad go leordhóthanach. Is mar chomhairle i scríbhinn a bheidh an freagra sin, agus is chuig an rialaitheoir a eiseofar é. Féadfar an tréimhse le haghaidh freagra a thabhairt a fhadú go ceann tréimhse sé seachtaine ar a mhéad, agus aird á tabhairt ar chastacht na próiseála beartaithe.

Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe agus an beart reachtach a chur ar aghaidh chuig consultation@dataprotection.ie

| | |
|---|---|
| **Ainm do Roinne** | |
| **Teideal an bhirt reachtaigh** | |
| **An cineál birt reachtaigh: Reachtaíocht Phríomha nó Reachtaíocht Thánaisteach agus an cineál reachtaíochta tánaistí. Tabhair freisin, le do thoil, ainm na reachtaíochta príomha ar fúithi atá an beart le déanamh (más infheidhme). Má tá sé beartaithe go dtabharfaidh an beart éifeacht do mhír reachtaíochta Eorpaí, luaigh teideal na reachtaíochta sin anseo freisin.** | |
| **An fhoráil de chuid an GDPR nó an Achta ar ina leith atá tú ag dul i gcomhairle leis an DPC.** | |
| **Amlíne dréachtaithe na reachtaíochta, agus an chéim atá sroichte faoi láthair.** | |
| **Ainm agus mionsonraí teagmhála don duine idirchaidrimh.** | |

| | |
|---|---|
| **Ainm agus mionsonraí teagmhála don Oifigeach Cosanta Sonraí (murab ionann agus na mionsonraí thuas).** | |
| **An ndeachaigh tú i gcomhairle le d'Oifigeach Cosanta Sonraí?** | |
| **Ceisteanna maidir leis an mbeart reachtach** | |
| **Tabhair achoimre ar an mbeart reachtach atá beartaithe. Is ceart go n-áireoidh sé sin míniú ar an tsaincheist a bhfuiltear ag iarraidh aghaidh a thabhairt uirthi sa reachtaíocht.** | |
| **Luaigh na forálacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.** | |
| **Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi na cineálacha sonraí pearsanta a phróiseálfar faoin mbeart reachtach.** | |
| **An bhfuil sé beartaithe leis an mbeart reachtach próiseáil a dhéanamh ar earnálacha speisialta sonraí pearsanta nó ar shonraí pearsanta lena mbaineann Airteagal 10 den GDPR. Má tá, tabhair míniú le do thoil.** | |
| **Cad é (iad) an grúpa (na grúpaí) ábhar sonraí a ndéanfaidh an beart reachtach difear dóibh? Ina theannta sin, luaigh aon ghrúpaí leochaileacha amhail leanaí.** | |

| | |
|---|---|
| **Má bhaineann an beart reachtach le bailiú sonraí pearsanta, luaigh cén áit ina mbaileofar na sonraí pearsanta.** | |
| **An bhfuil sé beartaithe leis an mbeart reachtach go gcomhroinnfear sonraí pearsanta idir rialaitheoirí sonraí? Má tá, tabhair míniú le do thoil.** | |
| **An bhfuil sé beartaithe leis an mbeart reachtach srian a chur ar cheart (chearta) ábhar sonraí agus ar oibleagáidí rialaitheora? Tabhair mionsonraí le do thoil.** | |
| **An bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí próiseála sainaitheanta mar ghníomhaíochtaí ardriosca? Má tá, tabhair míniú le do thoil.** | |
| **An bhfuil baint ag an bpróiseáil le faireachán córasach ar dhaoine aonair nó le próiseáil mhórscála sonraí pearsanta íogaireacha nó sonraí Airteagal 10? Tabhair míniú le do thoil.** | |
| **An bhfuil aon saincheisteanna ann faoi láthair is ábhar do chúis imní phoiblí agus ar ceart iad a bhreithniú?** | |
| **An bhfuil Measúnacht Tionchair Cosanta Sonraí á déanamh maidir leis an mbeart reachtach? Mura bhfuil, tabhair míniú le do thoil.** | |

| | |
|---|---|
| **An raibh comhairliúchán poiblí ann le geallsealbhóirí iomchuí? Má bhí, tabhair mionsonraí le do thoil.** | |
| **Aon fhaisnéis eile ar mian leat aird an DPC a tharraingt uirthi.** | |